

1 Geata Thuain  
Cearnóg Belgard Thoir  
Tamhlacht, BÁC 24  
D24X62W

+353 (01) 4529600  
eolas@booacdl.ie  
www.ddletb.ie

1 Tuansgate  
Belgard Square East  
Tallaght, Dublin 24  
D24X62W

+353 (01) 4529600  
info@ddletb.ie  
www.ddletb.ie



**NA MIONTUAIRISÍ Ó CHRUINNIÚ BHORD OIDEACHAIS AGUS OILIÚNA ÁTHA CLIATHA AGUS  
DHÚN LAOGHAIRE**

**A TIONÓLADH DÉ LUAIN, AN 29 AIBREÁN 2019, SNA HOIFIGÍ RIARACHÁIN, 1 GEATA THUAIN,  
CEARNÓG BELGARD THOIR, TAMHLACHT, BAILE ÁTHA CLIATH, 24.**

**I Láthair:**

An Clr. Mick Duff, Cathaoirleach  
An Clr. Sorcha Nic Chormaic  
An Clr. Roderic O'Gorman  
Paul McNally  
Anne Genockey  
Gerry McGuire  
An Clr. Eithne Loftus  
Claire Markey  
Olive Phelan  
Gerry McCaul  
An Clr. Liona O'Toole  
An Clr. Pat Hand

**I láthair:**

Paddy Lavelle, Príomhoifigeach Feidhmiúcháin  
Paul McEvoy, Stiúrthóir na Rannóige Tacaíochta agus Forbartha  
Eagraíochta  
Debbie Howlett, Stiúrthóir na Rannóige Tacaíochta agus Forbartha  
Eagraíochta  
An Dr. Fionnuala Anderson, an Stiúrthóir Breisoideachais agus Oiliúna  
Adrian Flynn, Stiúrthóir Scoileanna

**Leithscéalta:**

An Dr. John Walsh  
An Clr. Conor McMahon  
An Clr. Gráinne Maguire  
An Clr. Howard Mahony  
An Clr. Ossian Smyth  
Karen Gleeson

## 1. Buanorduithe

Togra chun buanorduithe a leasú chun ligean do na baill freastal ar an teileafón / trí fhíschomhdháil. Cuirfear an méid seo a leanas isteach i mBuanorduithe BOOÁCDL pointe 18 faoin gceannteideal “Cruinnithe”;

Féadfaidh BOO Átha Cliath agus Dhún Laoghaire cruinniú a thionól nó leanúint le cruinniú trí mhodh cumarsáide ar bith ar an gcoinníoll gur féidir leis na baill go léir gach duine a chloisteáil agus labhairt le gach duine ag an am céanna (dá dtagraítear sa doiciméad seo mar “cruinniú leictreonach”).

1. a) I gcás ina nglacann ball de BOOÁCDL páirt i gcruinniú leictreonach, glactar leis, chun gach críche, go raibh an ball sin i láthair ag an gcruinniú.
2. b) Beidh cruinniú BOOÁCDL arna thionól go cuí agus a bhfuil córam i láthair ann ábalta aon cheann de chumhachtaí an údaráis nó de na roghanna a dhílsítear do BOOÁCDL a fheidhmiú.

Glacadh leis an leasú ar na buanorduithe ar mholadh an Chomhairleora Roderic O'Gorman agus thacaigh an Comhairleoir Sorcha Nic Chormaic leis an moladh sin.

## 2. Miontuairiscí

Na miontuairiscí ón gcruinniú a tionóladh an 26 Márta 2019

Rinneadh na miontuairiscí a dhearbhu agus a shíniú tar éis do Gerry McGuire iad a mholadh agus don Clr. Sorcha Nic Chormaic tacú leis.

## 3. Nithe ag Éirí Astú

Dada

## 4. Breithniú na dTuarascálacha ó Choistí

4.1. Tuarascáil um Maoirseacht ar Chosaint Leanaí & Miontuairiscí BB C.P. Bhaile Adaim, an 14 Samhain 2018

4.2. Tuarascáil um Maoirseacht ar Chosaint Leanaí & Miontuairiscí BB C.P. Bhaile Adaim, an 23 Eanáir 2019

4.3. Tuarascáil um Maoirseacht ar Chosaint Leanaí BB C.P. Bhaile Adaim, an 20 Márta 2019

4.4. Miontuairiscí BB C.P. Ard Giolláin, an 30 Eanáir 2019

4.5. Tuarascáil um Maoirseacht ar Chosaint Leanaí C.P. Ard Giolláin, an 20 Márta 2019

4.6. Miontuairiscí BB C.P. Bhaile Brigín, an 24 Eanáir 2019

4.7. Miontuairiscí BB I.B.O. na Carraige Duibhe, an 5 Feabhra 2019

4.8. Tuarascáil um Maoirseacht ar Chosaint Leanaí I.B.O. na Carraige Duibhe, an 26 Márta 2019

4.9. Tuarascáil um Maoirseacht ar Chosaint Leanaí & Miontuairiscí BB C.P. Chaisleán Cnucha, an 5 Feabhra 2019

- 4.10. Miontuairiscí BB C.P. Ráth an Deagánaigh, an 29 Eanáir 2019
- 4.11. Tuarascáil um Maoirseacht ar Chosaint Leanaí C.P. Ráth an Deagánaigh, an 29 Eanáir 2019
- 4.12. Tuarascáil um Maoirseacht ar Chosaint Leanaí & Miontuairiscí BB I.B.O. Dhún Laoghaire, an 22 Eanáir 2019
- 4.13. Miontuairiscí BB C.P. Dhomhnach Bat, an 9 Deireadh Fómhair 2018
- 4.14. Tuarascáil um Maoirseacht ar Chosaint Leanaí C.P. Dhomhnach Bat, an 9 Deireadh Fómhair 2018
- 4.15. Miontuairiscí BB C.P. Dhomhnach Bat, an 5 Nollaig 2018
- 4.16. Tuarascáil um Maoirseacht ar Chosaint Leanaí C.P. Dhomhnach Bat, an 5 Nollaig 2018
- 4.17. Tuarascáil um Maoirseacht ar Chosaint Leanaí & Miontuairiscí BB C.P. Dhomhnach Bat, an 5 Feabhra 2019
- 4.18. Miontuairiscí BB C.P. Fhine Gall, an 4 Feabhra 2019
- 4.19. Tuarascáil um Maoirseacht ar Chosaint Leanaí C.P. Fhine Gall, an 27 Feabhra 2019
- 4.20. Miontuairiscí BB C.P. na Gráinsí, an 15 Eanáir 2019
- 4.21. Tuarascáil um Maoirseacht ar Chosaint Leanaí C.P. na Gráinsí, an 19 Márta 2019
- 4.22. Miontuairiscí BB C.P. an Ghrifín, an 17 Eanáir 2019
- 4.23. Tuarascáil um Maoirseacht ar Chosaint Leanaí C.P. an Ghrifín, an 17 Eanáir 2019
- 4.24. Tuarascáil um Maoirseacht ar Chosaint Leanaí C.P. an Ghrifín, an 19 Márta 2019
- 4.25. Tuarascáil um Maoirseacht ar Chosaint Leanaí & Miontuairiscí BB C.P. na Ciseoige an 6 Feabhra 2019
- 4.26. Miontuairiscí BB C.P. Mhóin Seiscinn, an 1 Deireadh Fómhair 2018
- 4.27. Tuarascáil um Maoirseacht ar Chosaint Leanaí C.P. Mhóin Seiscinn, an 1 Deireadh Fómhair 2018
- 4.28. Miontuairiscí BB C.P. Mhóin Seiscinn, an 27 Samhain 2018
- 4.29. Tuarascáil um Maoirseacht ar Chosaint Leanaí C.P. Mhóin Seiscinn, an 27 Samhain 2018
- 4.30. Miontuairiscí BB C.P. Mhóin Seiscinn, an 12 Nollaig 2018
- 4.31. Miontuairiscí BB C.B.O. an Naigín, an 24 Eanáir 2019
- 4.32. Miontuairiscí BB P.S.N. Aoife, an 7 Samhain 2018
- 4.33. Miontuairiscí BB P.S.N. Aoife, an 6 Feabhra 2019
- 4.34. Tuarascáil um Maoirseacht ar Chosaint Leanaí P.S.N. Aoife, an 27 Márta 2019
- 4.35. Miontuairiscí BB P.S.N. Choilm, an 14 Feabhra 2019 & Tuarascáil um Maoirseacht ar Chosaint Leanaí, an 25 Márta 2019
- 4.36. Miontuairiscí BB P.S.N. Ghráinne, an 29 Eanáir 2019
- 4.37. Miontuairiscí BB C.P. na Sceirí, an 15 Eanáir 2019
- 4.38. Tuarascáil um Maoirseacht ar Chosaint Leanaí C.P. na Sceirí, an 15 Eanáir 2019
- 4.39. Miontuairiscí BB CBO Stigh Lorgáin, an 29 Samhain 2018

Glacadh leis na tuarascálacha thuas ar mholadh Claire Markey, agus thacaigh Gerry McGuire leis an moladh sin.

Achomhairc faoi Alt 29

- 4.40. C.P. Mhic Dara, an 11 Márta 2019, Taifead ar chinneadh St.MCC1
- 4.41. C.P. Lusca, an 22 Márta 2019, Taifead ar chinneadh LUCC3

Nótáilte

## 5. Gnó curtha isteach ag an bPríomh Oifigeach Feidhmiúcháin

### 5.1. Tuarascáil Airgeadais Nótáilte mar seo a leanas

AN BHLIAIN GO DÁTA Márta 2019				
Clár	Iarmhéid Airgid Deontais Tosaigh	Fáltais	Íocaíochtaí	Iarmhéid Airgid Deontais Deiridh
	An 1 Eanáir 2019			An 31 Márta 2019
IOMLÁN NA PRÍOMHSCÉIME MAR PHÁ	43,187	(27,716,250)	28,042,425	369,362
IOMLÁN NA PRÍOMHSCÉIME NEAMHPHÁ	2,719,459	(1,945,666)	3,295,015	4,068,809
AN tIOMLÁN A BHAINNEANN LEIS AN bPRÍOMHSCÉIM	(3,024,500)	(659,054)	973,936	(2,709,618)
IOMLÁN NA mBUNSCOILEANNA	(147,076)	(759,250)	264,435	(641,891)
CAIPITEAL IOMLÁN	(3,569,509)	(1,759,118)	1,232,537	(4,096,090)
IOMLÁN NA nDEONTAS TRÍÚ LEIBHÉAL	(410,286)	0	-	(410,286)
AN tIOMLÁN NACH mBAINEANN LEIS AN bPRÍOMHSCÉIM	(699,773)	(6,552)	5,803,223	5,096,899
IOMLÁN NA nIONAD OILIÚNA	(3,589,296)	(14,969,943)	9,393,804	(9,165,435)
IOMLÁN NA SEIRBHÍSÍ ÓIGE	(441,864)	(3,187,724)	2,385,671	(1,243,918)
IOMLÁN NA GNÍOMHAIREACHTA	(383,033)	(722,489)	1,031,281	(74,242)
IOMLÁN AN FHÉINMHAOINITHE	(6,187,298)	(1,194,978)	1,299,481	(6,082,796)
Iarmhéid Bainc	(15,689,991)	52,921,025	(53,721,808)	(14,889,206)
MÓRIOMLÁN	(15,689,991)	(52,921,025)	53,721,808	(14,889,206)

Bhí thart ar €15m ar láimh ag BOOÁCDL ag deireadh mhí an Mhárta. Baineann an t-easnamh sa Phríomhscéim mar Phá le difríocht uainithe idir an tráth ar eisíodh íocaíochtaí le baill foirne agus an tráth a fuarthas an t-airgead ón Roinn. Carnadh an t-easnamh ar an bPríomhscéim Neamhphá thar chúpla bliain agus is easnamh iarbhir é a mbeidh gá roinnt airgid a fháil chun é a réiteach. Rinneadh é sin a phlé leis an Roinn agus dúirt siad go bhfuil a ndícheall á dhéanamh acu chun a chinntiú nach tiocfaidh méadú ar an easnamh sin bliain i ndiaidh bliana. Níl aon phlean curtha ar bun ag an Roinn faoi láthair chun an t-easnamh airgid sin a réiteach áfach.

Is ionann an teorainn caiteachais don Phríomhscéim Neamhphá i gcomhair 2019 agus €8,388,292. Is méadú an-bheag é sin ar mhéid 2018 ach tá sé fós níos lú ná an méid a theastaíonn. Mar gheall ar chostais árachais, glanadh ar conradh agus na costais a bhaineann leis na daltaí breise agus na háiseanna scoile breise tabhóidh BOOÁCDL easnamh thart ar €250k le haghaidh 2019. Ardófar an tsaincheist sin leis an Roinn.

### 5.2. Saoráid Rótharraingthe

Comhaontaíodh, ar mholadh Gerry McGuire agus le tacú Claire Markey, go n-iarrfaí cead ón Roinn chun saoráid rótharraingthe dar luach €10 milliún a dhaingniú.

### 5.3. Tuarascáil ar Fhoirgnimh / Chaipiteal

Thug na baill an méid seo a leanas faoi deara maidir leis an gclár caipitil/tógála reatha:

MÍR	SONRAÍ
Gaelcholáiste Reachrann	☑ Tá sé sceidealaithe céim 2B a chur i gcrích faoi lár mhí an Mheithimh
Coláiste Pobail Bhaile Brigín – Foirgneamh Ionaid	☑ Tá obair fós ar siúl ar chéim 2B
Coláiste Pobail Leamhcáin	☑ Tá an SC ionaid in situ agus tá obair fós ar siúl ar chéim 2B
Coláiste Pobail Choill an Rí	☑ Tá sé sceidealaithe é a chur i gcrích faoi lár/dheireadh mhí Lúnasa
Coláiste Pobail Fhionáin - Síneadh	☑ Tá athbhreithniú á dhéanamh ar na hoibreacha a bhí beartaithe ar dhíon an fhoirgnimh reatha toisc gur tharla tuilleadh meathlaithe ón tráth a cuireadh tús leis an tionscadal. Cuireadh an Roinn ar an eolas agus tá tuarascáil staide á dréachtú ag an bhfoireann deartha
Coláiste Pobail Lusca – Céim 2	☑ Tá an obair fós ar siúl agus meastar go gcuirfear i gcrích é in Earrach 2020. Tá an Roinn, mar an gcliant, i dteagmháil leis an gconraitheoir maidir leis an bhféidearthacht go dtabharfaí ar láimh é roimh mhí Mheán Fómhair, agus ar an gcaoi sin ní bheadh aon ghá le cóiríocht shealadach bhreise
Coláiste Chilliaín	☑ Tá réamhcháiliú na gconraitheoirí ionchais ar siúl faoi láthair
I.B.O. Dhún Laoghaire – Oibreacha um Shábháilteacht Dóiteáin	☑ Tá iarratas ar mhaoiniú curtha chuig SOLAS
SNU Mhóin Seiscinn	☑ Tar éis comhphlé leis an bPríomhoide, rinneadh athbhreithniú ar dhearadh agus suíomh an aonaid. Tá líníochtaí leasaithe á ndréachtú
Scoil Speisialta Benincasa, an Charraig Dhubh	☑ Táimid ag feitheamh ar fhaomhadh ón Roinn maidir le céim 2B
Coláiste Pobail na Sceirí - Síneadh	☑ D'eisigh an Roinn sceideal cóiríochta le haghaidh scoil ina bhfuil 1000 dalta agus tá leagan amach reatha na scoile á réiteach leis sin
Cóiríocht Shealadach 2018/19	☑ Tá obair fós ar siúl ag Coláiste Cois Life.

Oibreacha Samhraidh	<ul style="list-style-type: none"> <li>• Comhairle Contae Fhine Gall – Díon. Mar fhreagairt ar iarratas an Bhoird ar mhaoiniú breise chun an praghas a tairgeadh do na hoibreacha a íoc, d'iarr an Roinn faisnéis bhreise faoi na fuinneoga sa tionscadal</li> <li>• Coláiste Chilllain – Leithris. Tá idirbheartaíocht ar siúl leis an gconraitheoir rathúil chun méid na n-oibreacha a laghdú i gcomhréir leis an maoiniú arna dháileadh</li> <li>• C.P. na Sceirí – Díon an Choire-thí. Rinne an conraitheoir roghnaithe a thairiscint a tharraingt siar. Tá cainteanna ar siúl leis an gconraitheoir sa dara háit.</li> <li>• C.P. Ghleanntán na hAbhann – Uasghrádú ar an Leithreas. Ceapadh an conraitheoir</li> <li>• C.P. Mhic Dara – Fuinneoga a Athsholáthar. Tá tairiscintí á n-iarraidh ó chonraitheoirí</li> </ul> <p><b>Clár Nua</b></p>
	Sheol an Roinn tionscnamh nua um oibreacha samhraidh le haghaidh tionscadail a dhéanfar i Samhradh 2020. Cuireadh tús leis an obair chun tionscadail a aithint lena gcur faoi bhráid na Roinne
Coláiste Pobail Ard Giolláin – Céim 1	☑ Tá an foirgneamh fós dúnta agus ní athosclófar é roimh mhí Mheán Fómhair. Tá obair ar siúl chun cóiríocht shealadach a sholáthar i gcomhair mhí Mheán Fómhair agus rinneadh comhairleoir a cheapadh
Iarthar na Cathrach – Oibreacha um Shábháilteacht Dóiteáin	☑ Ag feitheamh ar fhreagra ón Roinn
Cóiríocht Shealadach 2019/20	<p>☑ Tá measúnú á dhéanamh faoi láthair ar thairiscintí chun foireann deartha/ailtire a cheapadh do na tionscadail seo a leanas:</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>○ C.P. Fhine Gall</li> <li>○ Gaelcholáiste Reachrann o C.P. an Ghrifín o C.P. na Sceirí o C.P. Shoird o C.P. Ard Giolláin</li> </ul> <p>I gcás C.P. Lusca, deir an Roinn go measann sí go dtabharfar cuid de thógáil chéim 2 ar lámh roimh dheireadh na bliana acadúla nua. Mar theagmhas, cuireadh tús le haitire a cheapadh le haghaidh cóiríocht shealadach, dá mbeadh gá léi</p>

#### 5.4. Baill Foirne

- 5.4.1. Ceapacháin & Arduithe Céime
- 5.4.2. Daoine ag éirí as
- 5.4.3. Daoine ag dul ar scor
- 5.4.4. Sosanna Gairme

#### 5.4.5. Postroinnteoírí

Tugadh athruithe ar phróifíl na foirne faoi deara

#### 5.5. Tuarascáil an Phríomhoifigigh Fheidhmiúcháin

**C.P. Pháirc Bhaile Choilín** - rinne Microsoft, SSE Airtricity agus SEAI ranníocaíochtaí le tionscnamh i gColáiste Pobail Pháirc Bhaile Choilín lena ndearnadh geall le €250,000 a infheistiú in athghléasadh soilse LED agus painéil ghréine. Thug Microsoft tacaíocht do dhaltáí le dúshlán um fhuinneamh inbhuanaithe chomh maith. Táimid fíorbhuíoch díobh as a gcuid tacaíochta. Rinne sé infheistíocht chomh maith in Ionad sonraí ionas go bhféadfaí oiliúint a chur ar dhaoine áitiúla le haghaidh post in Ionad Sonraí Microsoft i gCaisleán na Gráinsí nó in aon ionad eile. B'ionann an infheistíocht sin agus €200,000.

**PSNanna Shoir** – Tharla cruinniú maidir le suíomh le haghaidh P.S.N. Ghleann na hAbhann i Sord. Beidh an chóiríocht shealadach suite i lár bhaile Shoir. Beidh P.S.N. an Mhóinéir Leathain in aice le Coláiste Pobail Shoir.

**Feachtas earcaíochta** - Cuireadh oiliúint ar mhúinteoirí nuacháilithe inár scoileanna agus ar dhaltáí MGO chun muinín a thabhairt dóibh agus iad ag dul chuig agallaimh atá bunaithe ar inniúlacht. Gabhaimid buíochas le Adrian Flynn agus Hazel Brown agus leis an bhfoireann acmhainní daonna as iad sin a eagrú. Bhí Hazel gníomhach ag tabhairt cuairteanna ar ollscoileanna agus coláistí oiliúna múinteoirí ionas go mbeadh siad ar an eolas faoi BOOÁC DL.

**Seirbhísí Comhroinnte Párolla** - Tá tionscadal na seirbhíse comhroinnte i gcomhair Párolla curtha i bhfeidhm. Tá an-chuid ama á chaitheamh ag na baill foirne ar thacú leis an aistriú. Tá párollaí á rith go comhthreomhar le hullmhú i gcomhair an dáta aistrithe - an 1 Iúil.

**Scoil Speisialta Nua** - D'iarr an Roinn orainn cabhrú chun suíomh a aimsiú le haghaidh scoil speisialta nua i mBaile Átha Cliath 15. Tá an Roinn ag plé leis anois.

#### 6. Comhfhreagras ón Roinn

- 6.1. CL26/2019 Faisnéis maidir le Trialacha Caighdeánaithe agus Nithe Eile Bliain Acadúil Mattes 2018/2019 agus na Blianta Ina Dhiaidh Sin Nótáilte
- 6.2. CL 27/2019 Scéim Oibreacha Samhraidh Ilbhliantúil 2020 agus ar aghaidh Tugtha faoi deara

#### 7. Breithniú ar Ionadaithe na nDaltáí a cheapadh ar Bhord Rialaithe Institiúid Ealaíne, Deartha agus Teicneolaíochta Dhún Laoghaire, Eimear Boyd Uasal agus an tUasal Anthony Dunne.

Mhol an Clr. Sorcha Nic Chormaic Eimear Boyd agus Anthony Dunne agus thacaigh an Clr. Pat Hand leis an moladh sin.

## **8. Beartais agus Nósanna Imeachta**

### 8.1. An Beartas Calaoise

Curtha Siar

## **9. Aon ghnó eile faoi rogha an Chathaoirligh**